# Cuntas Leithreasa 2025

## Vóta 40

## Leanaí, Míchumas agus Comhionannas

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, tá an cuntas a ghabhann leis seo ullmhaithe agam ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, le haghaidh seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin agus le haghaidh íocaíocht na ndeontas.

Cuirtear an t-olltoradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €38.294 milliún faoi dhliteanas le tabhairt suas don Státchiste.

Tá an ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

***Aistriú feidhme***

Ar an 1 Bealtaine 2025, aistríodh feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta agus an Úcráin, agus imeascadh Dídeanaithe agus Imirceach agus bainistiú cistí gaolmhara chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Tharla sé sin faoin Ordú um Imeascadh agus Glactha (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2025 (IR 159/2025).

Ar an dáta céanna, aistríodh feidhmeanna agus dualgais a bhaineann le seirbhísí agus cláir Óige chuig Vóta an Roinn Oideachais agus Óige. Tharla sé sin faoin Ordú Óige (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2025 (IR 181/2025).

Ar an 2 Bealtaine 2025, athainmníodh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige mar an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais. Tharla sé sin faoin Ordú um Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú) 2025 (IR 180/2025).

Rith Dáil Éireann meastachán athbhreithnithe eile don Roinn, a léiríonn na hathruithe a d'eascair as an aistriú feidhmeanna, ar an 21 Bealtaine 2025.

***Tionchar an aistrithe feidhmeanna ar chuntais leithreasa***

Léiríonn an cuntas leithreasa, nach mór dó foirm agus formáid an mheastacháin ábhartha a leanúint, an t-aistriú feidhmeanna thuasluaite ar bhonn bliain iomlán.

Léiríonn figiúirí na bliana roimhe sin, atá san áireamh sa chuntas leithreasa agus sna nótaí, struchtúr na Roinne amhail an 31 Nollaig 2024. Nótaí a bhaineann go hiomlán le réimsí a aistríodh, ní chuirtear i láthair iad i gcuntais Vóta 40 2025. Áirítear leo sin (tá uimhreacha tagartha a leanas na nótaí de réir chuntais 2024):

- Nóta 2.9 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht
- Nóta 2.13 Léas oibriúcháin
- Nóta 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

## Ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le táirgeadh na gcuntas leithreasa, de réir mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorclán 25 na bliana 2025, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm Chaighdeáin Chuntasaíochta ábhartha an Rialtais Láir a tugadh i bhfeidhm suas go dtí an 01 Eanáir 2025 agus an lá sin san áireamh.

### *Dímheas sócmhainní caipitil*

Déantar dímheas maoine, gléasra agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir 17 agus Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas na saolréanna ionchais agus na rátaí dímheasa/amúchta gaolmhara a bhaineann leis na móraicmí sócmhainní.

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré ionchais* | *Ráta dímheasa/ amúchta* |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 50 bliain | 2% |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% |
| Trealamh oifige agus TF | 5 bliana | 20% |
| Bogearraí | 5 bliana | 20% |

### *Luacháil talún agus foirgneamh*

Rinne Tailte Éireann talamh agus foirgnimh an Ionaid Coinneála Leanaí i mBaile an Oibricigh a luacháil. Seo a leanas an chaoi ar díorthaíodh an bonn cóirluacha:

- Rinneadh talamh a luacháil le fianaise mhargadhbhunaithe agus tagraíodh do thalamh inchomparáide. Tá luach na talún bunaithe ar chostas suímh a oireann don tsócmhainn choibhéiseach nua-aimseartha.
- Rinneadh maoin a luacháil ar bhonn sonraí margaidh, agus cuireadh úsáid reatha gach maoine san áireamh. Sainsócmhainní atá i gceist, a choinnítear le haghaidh soláthar seirbhísí poiblí. Is iad na costais a bhaineann le hathsholáthar phoitéinseal seirbhíse na sócmhainne a cuireadh san áireamh sa luacháil, seachas a luach malairte.

Cuireadh trí shócmhainn a bhain le cosaint ar thuile agus ar choirloscadh as an áireamh sa luacháil mar gheall go raibh siad an-speisialaithe, chomh maith leis an easpa faisnéise iontaofa maidir le costais athsholáthair. Níor measadh gurbh ionann coimisiúnú saintuarascálacha agus úsáid éifeachtúil cistí poiblí faoi láthair.

### *Íocaíochtaí le Pobal*

Tugtar cistí ar airleacan do Phobal maidir le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Tugann Pobal cistí nach bhfuil ag teastáil (e.g. mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis) ar ais don Roinn. Gearrtar an glanmhéid a tugadh ar airleacan do Phobal sa bhliain in aghaidh fho-cheannteidil ábhartha an vóta sa bhliain (féach nóta 6.1).

## Ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach

***Freagracht as an gcóras um rialú airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú airgeadais inmheánach á choimeád agus á fheidhmiú ag an Roinn. Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh cinnteacht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is í cinnteacht réasúnta amháin is féidir a sholáthar i leith na rudaí sin. Is próiseas leanúnach é coimeád an chórais rialuithe airgeadais inmheánaigh, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte AD agus párolla a sholáthar. Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chreata rannpháirtíochta atá i bhfeidhm idir Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus an Roinn seo chun seirbhísí comhroinnte TFC a sholáthar.

***Seirbhísí gníomhaireachta***

In 2025, riar Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne thar raon clár luathbhlianta, chomh maith le soláthar seirbhísí áirithe eile thar a ceann. Cuireadh glanmhaoiniú €1.312 billiún ar aghaidh chuig Pobal ina leith sin (nóta 6.1).

Tá an caidreamh idir Rannóg Luathbhlianta na Roinne agus Pobal á rialú fós ag comhaontú leibhéal seirbhíse uileghabhálach (SLA), agus tacaítear leis sin, de réir mar is gá, trí chomhaontuithe breise idir an Roinn agus Pobal, lena n-áirítear meabhráin tuisceana, comhaontuithe um sheachadadh feidhmíochta (PDAanna) agus cláir oibre.

Leagtar amach i gComhaontú Seirbhíse na Luathbhlianta aidhm, cuspóirí, creat rialachais agus téarmaí na rannpháirtíochta idir an dá pháirtí. Tá tuilleadh sonraí clárshonracha san áireamh i gComhaontuithe um Sheachadadh Feidhmíochta tiomnaithe nó i gCláir Oibre nuair is gá. Faoi Chomhaontú Seirbhíse na Luathbhlianta, tá Pobal fós faoi réir an *Chóid Cleachtais Athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, agus tugann Comhaontú Seirbhíse na Luathbhlianta dá aire go réitítear aon choinbhleacht idir an Cód agus an reachtaíocht i bhfabhar forálacha reachtúla. Le Comhaontú Seirbhíse na Luathbhlianta, ceanglaítear ar Phobal cuntais bhainistíochta mhíosúla, tuairisciú gníomhaíochta míosúil, agus trí ath-réamhaisnéis bhuiséid bhliantúil a thabhairt don Roinn, chomh maith le cóipeanna d’iniúchtaí agus ráiteas inghlacthachta riosca.

Rinne Indecon Economic Consultants athbhreithniú neamhspleách ar an tsamhail oibriúcháin um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus um Chúram Leanaí in Aois Scoile in 2021. Tháinig an t-athbhreithniú, a foilsíodh an 29 Márta 2022, ar an gconclúid gurb í gníomhaireacht Stáit thiomnaithe nua faoi shainchúram an Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (an tAire) an tsamhail oibriúcháin is fearr don earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus um Chúram Leanaí in Aois Scoile do na blianta amach romhainn. Ina dhiadh sin, chuir an Roinn tús le céim pleanála dearaidh agus cur chun feidhme don tionscadail athchóirithe sin. I mí na Nollag 2023, rinne an Roinn conradh le Indecon Economic Consultants chun céim thaighde, anailíse agus rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi dhearadh ghníomhaireacht thiomnaithe fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Tá an Roinn ag dul i gcomhairle agus i dteagmháil le príomhranna Rialtais maidir le torthaí na tuarascála agus an raon saincheisteanna a bhaineann leis an tsamhail oibriúcháin a athchóiriú.

### *Timpeallacht rialaithe airgeadais*

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sanntar freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Síníonn bainistíocht shinsearach na Roinne ráitis dearbhaithe rialaithe airgeadais maidir lena réimsí freagrachta aonair. Tá na ráitis sin ar fáil domsa mar Oifigeach Cuntasaíochta agus an cuntas leithreasa á thabhairt chun críche agam.

### *Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta*

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas cuí buiséadaithe ag gabháil leis an mbuiséad bliantúil a gcoinníonn an fhoireann bainistíochta shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithniú go rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Feidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann trína bhféachtar le slándáil na gcóras faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

### *Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta*

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn agus pearsanra atá oilte go cuí agus go n-oibríonn sí de réir cairt scríofa atá faofa ag an Oifigeach Cuntasaíochta. Tá obair na feidhme bunaithe ar anailís ar na rioscaí a nochtar don Roinn. Tá a phleananna iniúchóireachta bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm do na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta.

Ar bhonn tréimhsiúil, buailim le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta. Déanann Bord Bainistíochta na Roinne miontuairiscí ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta a mheas.

Is cuntasóir gairmiúil í Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí, agus tá líon foirne aici de bheirt chuntasóirí gairmiúla, ardoifigeach feidhmiúcháin agus oifigeach feidhmiúcháin. Chomh maith leis an bhfoireann bhuan, tacaíonn seirbhísí iniúchóireachta a sholáthraíonn conraitheoir seachtrach leis an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí.

Déantar iniúchtaí de réir chaighdeáin na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin na Seirbhíse Poiblí agus na hInstitiúide Iniúchóirí Inmheánacha. Déanaimse féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhm an iniúchta inmheánaigh.

Rinne mise an plean iniúchóireachta inmheánaí do 2025 a fhaomhadh i mí Feabhra 2025. Le linn 2025, d'eisigh an iniúchóireacht inmheánach aon tuarascáil déag. Ní dhearnadh tuairim iniúchóireachta 'gan dearbhú' ar ócáid ar bith. Tugadh tuairim iniúchóireachta 'dearbhaithe theoranta' trí huaire.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéantar tuarascálacha agus moltaí na feidhme iniúchta inmheánaigh a leanúint go hiomchuí.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á mbronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. €21.45 milliún san iomlán a bhí sa chaiteachas ar earraí agus seirbhísí gairmiúla agus seirbhísí conraithe eile in 2025.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le seacht gconradh a soláthraíodh ar bhonn neamhiomaíoch de bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh) sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de ceithre chonradh de bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh) ar €349,348 san iomlán (gan CBL san áireamh) mar a leagtar amach thíos,

- Bronnadh trí chonradh, €266,789 san iomlán, le haghaidh obair bhreise forbartha TF. Bhí an obair sin mar chuid d'fhorbairt leanúnach an chórais, agus ba é an soláthraí reatha, a ceapadh ar dtús trí phróiseas iomaíoch, a chuir ar fáil í.
- Bhain conradh amháin ar luach €82,559 leis na bogearraí agus leis an tacaíocht do chóras bainistíochta airgeadais reatha na Roinne. Toisc go n-aistreoidh an Roinn chuig Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, níl sí in ann tairiscint a dhéanamh ar chóras athsholáthair.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

### *Creat riosca agus rialaithe*

Tá beartas agus creat cuimsitheach bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Roinn chun riosca a bhainistiú. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca maoirseacht ar riosca. Tá an Coiste faoi chathaoirleacht an Rúnaí Chúnta atá i gceannas ar an Rannán Forbartha um Eagrú agus Straitéis, agus cuimsítear ann ainmnithe ó gach Rannán eile ar leibhéal Rúnaí Chúnta nó Príomhoifigigh. Déanann an Coiste athbhreithniú foirmiúil ar riosca ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn míosúil ar leibhéal aonaid aonair. Tugtar eolas don Bhord Bainistíochta agus don Aire ar rioscaí corparáideacha ar bhonn rialta.

Is éard atá i gceist leis an gcóras bainistíochta riosca ná riosca a aithint ar fud na Roinne agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí ag tacú leis an gcóras ina sainaithnítear na príomhrioscaí corparáideacha agus leibhéil aonaid atá os comhair na Roinne, agus déantar gach ceann acu a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Sonraítear ar an gclár na rialuithe agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá le déanamh chun riosca a mhaolú, agus déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú agus nuashonrú air ar bhonn ráithiúil.

Tacaíonn ráiteas inghlacthachta riosca atá i bhfeidhm don Roinn leis an gcóras freisin. Bíonn an Roinn sásta rioscaí rialaithe a ghlacadh chun leas a bhaint as deiseanna nua ionas gur féidir léi a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh agus bealaí nuálacha a aimsiú chun a cuid cuspóirí a chur chun cinn. Aithníonn sí go n-athraíonn a hinghlacthacht riosca de réir na gníomhaíochta a dhéantar ar fud raon leathan feidhmeanna na Roinne. Ní bheidh aon lamháltas aici maidir le rioscaí

- a théann i bhfeidhm ar chosaint, ar shábháilteacht agus ar leas leanaí
- a mbíonn tionchar acu ar chur i bhfeidhm rialuithe fónta airgeadais nó
- a chuireann isteach ar sheachadadh ceanglas reachtach nó rialála.

Tá inghlacthacht ardriosca aici do réimsí dár gcuid oibre a bhaineann le (i) seirbhísí nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme nó (ii) bainistiú imeachtaí éigeandála nó géarchéime.

### *Faireachán agus athbhreithniú leanúnach*

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun próisis rialaithe inmheánaigh a fhaireachán agus a fheabhsú. Déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhonn tráthúil. Deimhním go bhfuil bainistíocht riosca i bhfeidhm sa Roinn agus gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh a sainaithníodh.

### *Athbhreithniú ar éifeachtacht*

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe riosca. Seoltar eolas maidir le faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht chóras na rialuithe airgeadais inmheánaigh trí shaothar an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus na n-iniúchóirí seachtracha agus na bainistíochta sinsir laistigh den Roinn a bhíonn freagrach as an gcreat inmheánach um rialú airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil. Cuireann an Roinn moltaí ó iniúchtaí inmheánacha chun feidhme go gníomhach. Is buanmhír ar chlár oibre an Choiste Iniúchóireachta iad cúrsaí bainistíochta riosca agus na cláir rioscaí.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

*Luathfhoghlaim agus cúram leanaí – Rialuithe ar Mhaoiniú Lárnach*

Is mórscéim deontais é Croímhaoiniú a tugadh isteach ar dtús i gclárbhliain 2022/23, do sholáthraithe Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC) agus Chúram Leanaí in Aois Scoile (SAC), atá beartaithe chun tacú le hinacmhainneacht, inrochtaineacht, cáilíocht, inbhuanaitheacht, trédhearcacht agus forbairt beartais atá bunaithe ar fhianaise ar fud na hearnála.

Mar an t-aon scéim maoinithe ar thaobh an tsoláthair sa chóras, reáchtáiltear í faoi chreat rialachais leithleach a riarann Pobal thar ceann na Roinne. Tá an scéim agus a timpeallacht rialaithe araon tar éis teacht chun cinn gach bliain ó tugadh isteach í. I measc na bpríomhrialuithe, tá rialuithe agus athbhreithnithe ar bhainistiú táillí, bailíochtú iarratas agus íocaíochtaí bunaithe ar chóras, tuairisciú airgeadais bliantúil atá deimhnithe ag cuntasóir, agus próisis chomhlíonta agus aisghabhála i ndáil le neamhrialtachtaí íocaíochta. Le linn chlárbhliain 2024/25, rinneadh 30 cigireacht phíolótach ar an láthair ar sheirbhísí a fhaigheann an Phréimh do Phríomh-Oideachasóir Iarchéime (GLEP) chun faireachán ar chomhlíonadh a thástáil agus a bheachtú agus chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht dearbhaithe amach anseo. Ní mór do sholáthraithe cloí le téarmaí an Chomhaontaithe Croímhaoinithe, lena n-áirítear rialacha bainistíochta táillí, ceanglais maidir le tuairisciú airgeadais agus oibleagáidí cáilíochta.

I mí Feabhra 2026, cuireadh neamhrialtachtaí líomhnaithe a bhain le roinnt eagraíochtaí sonraithe a bhí ag fáil Croímhaoiniú in iúl don Roinn. Tar éis athbhreithniú tosaigh a rinne an Rannán Luathbhlianta, agus tacaíocht ó Pobal, cuireadh an cheist ar aghaidh chuig athbhreithniú foirmiúil riaracháin, agus tuairiscíodh í do na húdaráis ábhartha freisin. Cuireadh na híocaíochtaí Croímhaoinithe leis na heagraíochtaí a bhí bainteach ar fionraí i mí an Mheithimh 2026. I ndiaidh dul i gcomhairle leis an Roinn, rinne Stiúrthóireacht Iniúchta Comhlíonta agus Riosca Phobail (Pobal CAR) cigireachtaí comhlíonta ar an láthair ar roinnt láithreán de chuid na n-eagraíochtaí a bhí bainteach. Coimisiúnaíodh athbhreithniú fóiréinseach neamhspleách lena gcumhdaítear na clárbhlianta 2022/23 go 2025/26 chun éilimh a bhailíochtú, aon ró-íocaíochtaí a shainaithint, aon chaillteanais a chainníochtú, tacú le torthaí le fianaise agus feabhsuithe rialaithe a mholadh.

Tá an Roinn ag neartú an rialachais agus na rialuithe trí fhorálacha feabhsaithe don Chomhaontú Croímhaoinithe, trí anailísíocht agus rialuithe córais fheabhsaithe, agus trí thacaíocht chomhlíonta leathnaithe do sholáthraithe, agus í ag obair freisin le Pobal chun bailíochtú agus fíorú an Chroímhaoinithe a leathnú. In 2026, chuir Pobal CAR tús le cuairteanna deimhnithe ar an láthair gan réamhfhógra ar sheirbhísí SAC a reáchtáiltear ar thailte na scoile lasmuigh den téarma, agus tugadh cuairt ar 166 seirbhís go dtí seo. Tabharfaidh rialacháin nua SAC fíorú neamhspleách ó Tusla isteach ar an acmhainneacht seirbhíse agus ar na gnéithe oibríochtúla, lena n-áirítear uaslíon na n-uaireanta oibre agus na seachtainí oibre, rud a thugann dearbhú neamhspleách breise. Le chéile, neartóidh na bearta sin na socruithe comhlíonta, maoirseachta agus dearbhaithe, rud a chabhróidh le cistí poiblí a chosaint agus sláine na scéime Croímhaoinithe a chaomhnú.

*Bainistiú fiach*

Ag deireadh 2025, i bpróiseas bainistíochta fiachais Pobal, taifeadadh iarmhéid féichiúnaí de thart ar €5 mhilliún in aghaidh chláir na Roinne. D'eascair sé sin as saincheisteanna stairiúla a bhain, den chuid is mó, le scéimeanna dúnta. Bhain thart ar €3 mhilliún de sin le tionscadail chaipitil stairiúla a théann siar go dtí tréimhse 2000-2015. Tá rialuithe neartaithe curtha i bhfeidhm le roinnt blianta anuas, agus comhardaítear le córas Bainistíochta Maoinithe Comhtháite Pobal leithdháiltí agus íocaíochtaí go leanúnach, lena n-áirítear cúiteamh a dhéanamh ar méideanna atá dlite ó sheirbhísí in aghaidh íocaíochtaí amach anseo agus aisíocaíochtaí a fhaightear ó sheirbhísí a thaifeadadh. Déanfar athbhreithniú ar an iarmhéid féichiúnaí sin le linn 2026 chun a chinneadh an bhfuil aon soláthar nó díscríobh ag teastáil.

Níor sainaithníodh aon laigí rialaithe inmheánaigh eile i ndáil le 2025, ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Kevin McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

22 Meán Fómhair 2026

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

## Vóta 40 Leanaí, Míchumais agus Comhionannais
## Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 Leanaí, Míchumais agus Comhionannais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 40 Leanaí, Míchumais agus Comhionannais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

### *An bonn leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

## Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

### *Rialú ar bhunmhaoiniú do chúram leanaí*

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais gur tugadh líomhaintí maidir le neamhrialtachtaí a bhain le roinnt eagraíochtaí a bhí ag fáil bunmhaoinithe faoi bhráid na Roinne i mí Feabhra 2026. Leagtar amach sa ráiteas na gníomhartha a rinne an Roinn mar fhreagairt air sin.

***Caillteanas mar gheall ar thrasuíomh déanach Threoir an AE***

Nochtar i nóta 6.6 a ghabhann leis an gcuntas leithghabhála gur íocadh fíneáil sa bhliain 2025 a eascraíonn as trasuí déanach Threoir AE 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí i ndlí na hÉireann. Faoi airteagal 20(1) den Treoir, bhí sé riachtanach go ndéanfadh na Ballstáit an Treoir a thrasuíomh go hiomlán faoi mhí Lúnasa 2022. Chríochnaigh Éire an trasuíomh i mí an Mhárta 2024 – beagnach dhá bhliain tar éis an spriocdháta.

I mí Mheán Fómhair 2022, chuir Coimisiún an AE tús le himeachtaí um shárú oibleagáidí i gcoinne na hÉireann i gcúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mar gheall ar na moilleanna leanúnacha. Cuireadh tús leis na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais i mí Eanáir 2024. Ar an 1 Lúnasa 2025, d'eisigh an Chúirt a breithiúnas agus ghearr sí fíneáil chnapshuime €1.54 milliún ar Éirinn mar gheall ar mhainneachtain an Treoir a thrasuíomh in am.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2026

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 40 Leanaí, Míchumas agus Comhionannas

## Cuntas Leithreasa 2025

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Clár tacaíochta leanaí agus teaghlaigh | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,238,977 | | | |
| | *Forlíontach* | 59,003 | | | |
| | | | 1,297,980 | 1,297,529 | 1,100,684 |
| B | Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,404,179 | | | |
| | *Forlíontach* | (28,105) | | | |
| | | | 1,376,074 | 1,345,594 | 1,237,012 |
| C | Clár beartais agus reachtaíochta | | | | |
| | *Bunaidh* | 179,784 | | | |
| | *Forlíontach* | (80,752) | | | |
| | | | 99,032 | 90,289 | 106,685 |
| D | Sochaí chomhionann agus chuimsitheach | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,304,926 | | | |
| | *Forlíontach* | 263,560 | | | |
| | | | 3,568,486 | 3,563,948 | 3,120,434 |
| — | *Córas tacaíochta atá cothrom agus éifeachtach do lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta* | | — | — | *2,301,366* |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,127,866 | | | |
| | *Forlíontach* | 213,706 | | | |
| | | | **6,341,572** | **6,297,360** | **7,866,181** |
| *Asbhain* | | | | | |
| F | **Leithreasaí i gcabhair** | | **25,994** | **27,766** | **30,863** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,101,872 | | | |
| | *Forlíontach* | 213,706 | | | |
| | | | **6,315,578** | **6,269,594** | **7,835,318** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm faoi dhliteanas le tabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, d'fhéadfadh gach leithreasú neamhchaite do sheirbhísí soláthair caipitil, nó cuid díobh, a thabhairt anonn le haghaidh caiteachais an bhliain dár gcionn. Tugadh €7.69 milliún de leithdháiltí nár caitheadh i leith eilimintí caipitil Fho-Cheannteideal B.5 ar aghaidh go dtí 2026, féach nóta 6.8.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 45,984,030 | 122,972,205 |
| Géilleadh iarchurtha | (7,690,000) | — |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **38,294,030** | **122,972,205** |

**Kevin McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Leanaí, Míchumas agus Comhionannas

31 Márta 2026

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas Costas Oibriúcháin 2025

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 6,246,476 | 7,800,066 |
| Pá | | 43,456 | 57,407 |
| Neamhphá | | 7,428 | 8,708 |
| **Ollchaiteachas** | | **6,297,360** | **7,866,181** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **27,766** | **30,863** |
| **Glanchaiteachas** | | **6,269,594** | **7,835,318** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| **Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)** | | | |
| Ceannacháin | (1,176) | | |
| Dímheas | 1,522 | | |
| **Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)** | | | |
| Ceannacháin | (1,755) | | |
| Amúchadh | 1,774 | | |
| | | 365 | (65,905) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí (nóta 2.4) | 33,072 | | |
| Laghdú ar sholáthairtí (nóta 2.6) | (278) | | |
| Laghdú ar speansais fhabhraithe (nóta 2.7) | (42,382) | | |
| | | (9,588) | 8,933 |
| **Caiteachas vótáilte díreach** | | **6,260,371** | **7,778,346** |
| **Caiteachas a iompraítear in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 8,752 | 8,857 |
| **Glanchostas cláir** | | **6,269,123** | **7,787,203** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 40 a iompraítear in áit eile.

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 41 | 41 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,129 | 3,559 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,540 | 3,370 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 187 | 111 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 619 | 257 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 1,153 | 1,439 |
| An Príomh-Chiste - pinsin aireachta | | 83 | 80 |
| | | **8,752** | **8,857** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 60,683 | 328,614 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 3,907 | 6,576 |
| | | **64,590** | **335,190** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | — | 36,134 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 17,320 | 50,392 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 90,129 | 18,377 |
| Íocaíochtaí inghnóthaithe | | — | 3,979 |
| | | **107,449** | **108,882** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 76,480 | — |
| Soláthairtí | 2.6 | 2,127 | 2,405 |
| Costais fhabhraithe | 2.7 | 3,922 | 46,304 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 3,454 | 6,071 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 10,195 | 13,963 |
| *An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht* | | — | *34,477* |
| | | **96,178** | **103,220** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **11,271** | **5,662** |
| **Glansócmhainní** | | **75,861** | **340,852** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe stáit** | 2.10 | **75,861** | **340,852** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh Oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 319,041 | 73 | 1,969 | 26,853 | 347,936 |
| Breiseanna | 1,090 | 86 | — | — | 1,176 |
| Aistrithe [a] | (254,712) | (30) | (1,909) | (26,853) | (283,504) |
| Athluacháil | (5,344) | — | — | — | (5,344) |
| Coigeartú [b] | — | 949 | — | — | 949 |
| Diúscairtí | — | — | (23) | — | (23) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 60,075 | 1,078 | 37 | — | 61,190 |
| | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 19,012 | 34 | 276 | — | 19,322 |
| Dímheas don bhliain | 1,308 | 210 | 4 | — | 1,522 |
| Dímheas ar aistrithe | (8,079) | (2) | (227) | — | (8,308) |
| Coigeartú athluachála | (12,241) | — | — | — | (12,241) |
| Coigeartú dímheasa | — | 235 | — | — | 235 |
| Dímheas ar dhiúscairt | — | — | (23) | — | (23) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | — | 477 | 30 | — | 507 |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **60,075** | **601** | **7** | **—** | **60,683** |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 300,029 | 39 | 1,693 | 26,853 | 328,614 |

Nóta [a] Aistríodh sócmhainní ar chostas €283.5 milliún chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

[b] Mar thoradh ar athbhreithniú ar chostais TF Luathbhlianta, rinneadh athaicmiú €949,000 de chostais bhonneagair, a bhaineann le córas Bainistíochta Caidrimh Custaiméirí Ardán na Luathbhlianta (Pobal), ó shócmhainní doláimhsithe.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Sócmhainní atá á bhforbairt [a] | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 24,416 | 895 | 25,311 |
| Breiseanna | 1,586 | 169 | 1,755 |
| Aistriú lena úsáid | 566 | (566) | — |
| Aistriú amach [b] | (2,454) | (274) | (2,728) |
| Coigeartú [c] | (1,036) | — | (1,036) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 23,078 | 224 | 23,302 |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 18,735 | — | 18,735 |
| Amúchadh don bhliain | 1,774 | — | 1,774 |
| Amúchadh ar aistrithe amach | (862) | — | (862) |
| Coigeartú ar amúchadh | (252) | — | (252) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 19,395 | — | 19,395 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **3,683** | **224** | **3,907** |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 5,681 | 895 | 6,576 |

Nóta

[a] Baineann an t-iarmhéid i sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt go príomha le córas bainistíochta conarthaí.

[b] Aistríodh sócmhainní doláimhsithe ar chostas €2.73 milliún chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

[c] Mar thoradh ar athbhreithniú ar chostais TF Luathbhlianta, rinneadh athaicmiú €949,000 de chostais bhonneagair, a bhaineann le córas Bainistíochta Caidrimh Custaiméirí Ardán na Luathbhlianta (Pobal), mar mhaoin, gléasra agus trealamh, agus ceartú €87,000, a caipitlíodh roimhe seo in 2024, a bhaineann le bogearraí TF na Luathbhlianta.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta [a] | (76,480) | 36,134 |
| Iarmhéideanna bainc tráchtála [b] | — | — |
| | **(76,480)** | **36,134** |

Nóta

[a] Cuireadh €87 milliún de chistiú chun cinn roimh dheireadh na bliana, chun oibleagáidí ríthábhachtacha caiteachais a chomhlíonadh a bhí dlite an 2 Eanáir 2026. Léirítear é sin in iarmhéid dochair eile (nóta 2.5)

[b] Athluadh figiúirí na bliana roimhe sin mar chuntais an Phámháistir Ghinearálta (Danske) agus cuntais bainc tráchtála.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pobal | 15,822 | 21,904 |
| Riarachán/oibríochtúil | 1,335 | 1,692 |
| Cláir cúraim leanaí | 126 | 46 |
| Taighde | 37 | 120 |
| Caiteachas a bhaineann le míchumas | — | 18 |
| *Costais lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta* | — | *26,532* |
| *Cóiríocht d'Úcránaigh agus caiteachas gaolmhar áirithe* | — | *80* |
| | **17,320** | **50,392** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Míreanna fionraí dochair eile [a] | 87,739 | 2,440 |
| Airleacain chuig Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,325 | 79 |
| Tuarastail in-aisíoctha | 65 | 122 |
| *Scéim aitheantais na hÚcráine* | — | *15,736* |
| | **90,129** | **18,377** |

Nóta a I measc na míreanna fionraí dochair eile, tá €87 milliún a cuireadh chun cinn roimh dheireadh na bliana chun oibleagáidí ríthábhachtacha caiteachais a chomhlíonadh a bhí dlite ar an 2 Eanáir 2026.

## 2.6 Soláthairtí

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Imeachtaí dlí | **2,127** | **2,405** |
| Arna léiriú ag: | | |
| Dliteanais Reatha | 2,127 | 2,405 |
| Dliteanais neamhreatha | — | — |
| **Iomlán** | **2,127** | **2,405** |

| Gluaiseacht do gach aicme soláthair: | Imeachtaí dlí | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 2,405 | 2,405 |
| Soláthar breise arna dhéanamh | 1,857 | 1,857 |
| Méideanna a úsáideadh | (1,068) | (1,068) |
| Méideanna arna n-aisiompú | (1,067) | (1,067) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **2,127** | **2,127** |

## 2.7 Costais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhruithe a bhaineann leis an bpárolla | 2,576 | 3,137 |
| Fabhruithe cláir eile | 931 | 1,011 |
| Riarachán/oibríochtúil | 406 | 518 |
| Caiteachas a bhaineann le míchumas | 9 | 16 |
| *Costais lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta* | — | *27,125* |
| *Cóiríocht d'Úcránaigh agus caiteachas gaolmhar áirithe* | — | *14,181* |
| *Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach* | — | *316* |
| | **3,922** | **46,304** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 859 | 1,046 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 713 | 865 |
| Cáin iarchoimeádta ar sheirbhísí gairmiúla | 292 | 539 |
| Cáin bhreisluacha | 174 | 597 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 151 | 204 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 4 | 7 |
| Cáin ar aoisliúntas a aisíoc | — | 16 |
| Eile | — | 2 |
| | 2,193 | 3,276 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 1,083 | 1,349 |
| Fáltais bhreise ón státchiste | 178 | 1,446 |
| | **3,454** | **6,071** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 38,294 | 122,972 |
| Géilleadh iarchurtha | 7,690 | — |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (35,789) | (109,009) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **10,195** | **13,963** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | — | 36,134 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 90,129 | 18,377 |
| | 90,129 | 54,511 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (76,480) | — |
| Dlite don Stát | (2,193) | (3,276) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (1,261) | (2,795) |
| *An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht* | — | *(34,477)* |
| | (79,934) | (40,548) |
| | **10,195** | **13,963** |

## 2.10 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 340,852 | 283,880 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 6,315,578 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (7,690) | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (38,294) | | |
| Glanvóta | | | 6,269,594 | 7,835,318 |
| Caiteachas a iompraítear in áiteanna eile | 1.1 | | 8,752 | 8,857 |
| Míreanna neamhairgid: | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | | | | |
| Aistriú amach | 2.1 | | (275,196) | |
| Athluacháil | 2.1 | | 6,897 | |
| Coigeartú | 2.1 | | 714 | |
| Sócmhainní doláimhsithe | | | | |
| Aistriú amach | 2.2 | | (1,885) | |
| Coigeartú | 2.2 | | (784) | |
| Íocaíochtaí inghnóthaithe | | | | |
| Aistriú amach | | | (3,979) | |
| Glanchostas cláir | 1 | | (6,269,123) | (7,787,203) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **75,861** | **340,852** |
| | | | | |
| Cúlchiste ginearálta | | | 68,964 | 340,852 |
| Cúlchiste athluachála | | | 6,897 | — |
| **Cuntas Cistithe Stáit** | | | **75,861** | **340,852** |

## 2.11 Gealltanais

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| amhail an 31 Nollaig | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 82 | 110 |
| Caipiteal [a] | 4,491 | 31,440 |
| Cláir deontais neamhchaipitil [a] | 1,280 | 50,478 |
| **Iomlán na ngealltanas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **5,853** | **82,028** |

Nóta [a] Is toradh ar an aistriú feidhmeanna chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce é an laghdú ar thiomantais an chláir deontais caipitil agus neamhchaipitil.

## 2.12 Dliteanais aibí

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastacháin ar dhliteanais aibithe nár íocadh ag deireadh na bliana | **120** | **13,516** |

## 2.13 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt cásanna dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méideanna agus uainiú aon dliteanas éiginnte. I gcásanna dlí ina ndearnadh cinntí a bhfuil dliteanas inchainníochtaithe mar thoradh orthu, nochtar méid na ndliteanas i nóta 2.6 Soláthairtí.

## 2.14 Tionchar na n-athruithe ar bheartas cuntasaíochta

Ag tosú ón 1 Eanáir 2024, tá caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid cistithe an Stáit sa bhliain chuntais.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Athluacháil talún agus foirgneamh [a] | 6,897 | — |
| Soláthairtí [b] | — | (2,405) |
| Fabhrú Pá Saoire [c] | — | (1,193) |
| Fabhrú párolla [c] | — | (1,944) |
| | **6,897** | **(5,542)** |

Nóta

[a] Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir 17 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

[b] Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir 19 Soláthairtí, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha

[c] Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir 39A Sochair d'Fhostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

# Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos cionroinnte trasna na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 49,196 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,750) | | | |
| | | | 44,446 | 43,456 | 57,407 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,020 | | | |
| | *Forlíontach* | (373) | | | |
| | | | 647 | 379 | 699 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | | | |
| | *Bunaidh* | 939 | | | |
| | *Forlíontach* | (36) | | | |
| | | | 903 | 673 | 859 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,844 | | | |
| | *Forlíontach* | (615) | | | |
| | | | 2,229 | 1,360 | 2,603 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigiteach agus speansais TF | | | | |
| | *vi* | 4,276 | | | |
| | *Forlíontach* | (181) | | | |
| | | | 4,095 | 4,217 | 2,542 |
| vi | Caiteachais áitribh | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,109 | | | |
| | *Forlíontach* | (268) | | | |
| | | | 841 | 624 | 1,821 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde | | | | |
| | *Bunaidh* | 930 | | | |
| | *Forlíontach* | (527) | | | |
| | | | 403 | 175 | 184 |
| | | | **53,564** | **50,884** | **66,115** |

**Athraithis suntasacha**

Leis na nótaí seo a leanas tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna le hathraithis shuntasacha (+/- 25% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachas riaracháin

**ii Taisteal agus cothabháil**

*Soláthar sna meastacháin €1.02 milliún; olltoradh €379,000*

D’eascair an gannchaiteachas de €641,000 as riachtanais taistil níos ísle ar fud na Roinne, d’ainneoin Uachtaránacht na hÉireann ar an AE atá le teacht. Ar bhonn níos ginearálta, is féidir le fo-aicmiú an chaiteachais riaracháin neamhphá thar chatagóirí éagsúla a bheith dúshlánach mar gheall ar uainiú phróiseas próifílithe Imleabhair na Meastachán Athbhreithnithe don tSeirbhís Phoiblí. Féadfaidh sé sin an léirmhíniú iomlán ar athraithis idir soláthar bunaidh agus olltoradh a theorannú.

**iii Oiliúint agus forbairt**

*Soláthar meastacháin €939,000; olltoradh €673,000*

Bhí an gannchaiteachas de €266,000 á spreagadh go príomha ag caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar shainseirbhísí comhairleachta a bhaineann le hoiliúint agus le foghlaim agus forbairt.

**iv Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach**

*Soláthar sna meastacháin €2.844 milliún; olltoradh €1.36 milliún*

D’eascair an gannchaiteachas de €1.484 milliún as roinnt tosca, toisc go gcumhdaítear iliomad seirbhísí oibriúcháin leis an gcatagóir sin. Bhí costais a bhaineann le hearcaíocht níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo mar gheall ar shrianta fruilithe, agus gan aon earcaíocht dhíreach a bheith ar siúl i rith na bliana. Tháinig costais oibriúcháin eile, amhail cíos seomra, seirbhísí aistriúcháin, stáiseanóireacht agus postas, isteach faoi bhun na n-ionchas freisin tar éis aistriú na bhfeidhmeanna. Ina theannta sin, cuireadh siar go 2026 roinnt costas a rabhthas ag súil leo do 2025 mar gheall nár cuireadh gníomhaíochtaí i gcrích mar a bhí beartaithe nó mar gheall ar mhoilleanna ar shonraisc a fháil.

**vi Caiteachais áitribh**

*Soláthar sna meastacháin €1.109 milliún; olltoradh €624,000*

D’eascair an gannchaiteachas de €485,000 as costais cothabhála agus cíosa foirgneamh níos ísle, a bhaineann go príomha le hathlonnú Oifig Feidhmiúcháin na Caomhnóirí ad Litem. Cuireadh moill ar athlonnú beartaithe na hoifige sin mar gheall ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta agus oibreacha feabhais atá fós gan réiteach san áitreabh nua. Tá an Roinn ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí chun an tionscadal athlonnaithe sin a chur chun cinn.

**vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde**

*Soláthar meastacháin €930,000; olltoradh €175,000*

Tharla an gannchaiteachas de €755,000 den chuid is mó mar thoradh ar chostais chomhairleoireachta níos ísle sa réimse míchumais, mar gheall ar mhoilleanna i dtionscadail taighde a bhaineann le forbairt beartas i sainseirbhísí míchumais. Leanfar ar aghaidh leis an obair sin in 2026. Bhí coigilteas breise i gcostais chomhairleoireachta i réimsí amhail cosaint sonraí agus cumarsáid.

De réir mar a tugadh le fios i gcatagóir ii, tá teorainn le léirmhíniú iomlán an athraithis idir meastachán agus olltoradh de bharr uainiú phróiseas próifílithe Imleabhair na Meastachán Athbhreithnithe agus de bhrí go bhfuil catagóirí caiteachais sin bunaithe ar éileamh.

## Clár A Tacaíocht leanaí agus teaghlaigh

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (722) | | | |
| | | | 5,778 | 5,650 | 6,889 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,446 | | | |
| | *Forlíontach* | (262) | | | |
| | | | 1,184 | 966 | 1,045 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,097,551 | | | |
| | *Forlíontach* | 38,172 | | | |
| | | | 1,135,723 | 1,135,723 | 1,063,148 |
| A.4 | Ceartas i leith an aosa óig – lena n-áirítear Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | | 31,048 | 31,014 | 29,538 |
| A.5 | Oifig Feidhmiúcháin Caomhnóra ad Litem | | 400 | 330 | 64 |
| A.6 | Tacaíochtaí teagmhasacha a bhaineann leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | | | |
| | *Bunaidh* | 102,032 | | | |
| | *Forlíontach* | 21,815 | | | |
| | | | 123,847 | 123,846 | — |
| | | | **1,297,980** | **1,297,529** | **1,100,684** |

### Éagsúlachtaí suntasacha

Sna nótaí seo a leanas, tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

**A.6 Tacaíochtaí teagmhasacha a bhaineann leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**

*Soláthar sna meastacháin €102 milliún; olltoradh €123.8 milliún*

Bhí an róchaiteachas de €21.8 milliún á spreagadh ag méaduithe suntasacha ar chúram cónaithe príobháideach faoi stiúir an éilimh, do mhionaoisigh neamhthionlactha ón Úcráin agus do leanaí scartha ag lorg cosaint idirnáisiúnta le linn 2025.

## Clár B Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga

| | | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,561 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,226) | | | |
| | | | | 9,335 | 9,125 | 10,333 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,334 | | | |
| | | *Forlíontach* | (418) | | | |
| | | | | 1,916 | 1,560 | 1,567 |
| B.3 | Cláir réamhscoile maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-óige agus maidir leis an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 350,113 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,005) | | | |
| | | | | 347,108 | 342,466 | 326,010 |
| B.4 | Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir chúraim leanaí eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 533,985 | | | |
| | | *Forlíontach* | (189) | | | |
| | | | | 533,796 | 524,739 | 418,627 |
| B.5 | Cláir cúraim leanaí: tacaíochtaí seachadta agus tionscnaimh eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 490,349 | | | |
| | | *Forlíontach* | (25,031) | | | |
| | | | | 465,318 | 450,187 | 394,975 |
| B.6 | Súgradh agus caitheamh aimsire | | | 500 | 500 | 450 |
| B.7 | Éire Ildánach | | | 225 | 225 | 177 |
| B.8 | Bearta maidir le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (Cuntais Dhíomhaoine arna gcistiú) | | | 5,484 | 5,262 | 6,976 |
| — | *Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas* | | | — | — | *1,126* |
| B.10 | Tacaíochtaí teagmhasacha maidir le Luathfhoghlaim agus Cúram/ Cúraim Leanaí in Aois Scoile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,628 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,764 | | | |
| | | | | 12,392 | 11,530 | — |
| — | *Eagraíochtaí agus seirbhísí óige* | | | — | — | *76,771* |
| | | | | **1,376,074** | **1,345,594** | **1,237,012** |

## Éagsúlachtaí suntasacha

Sna nótaí seo a leanas, tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

**B.5 Cláir cúraim leanaí: tacaíochtaí seachadta agus tionscnaimh eile**

*Soláthar sna meastacháin €490 milliún; olltoradh €450 milliún*

Is ann don ghannchaiteachas de €40 milliún den chuid is mó mar thoradh ar ghannchaiteachas ar an Scéim Caipitil Bloc Tógála, mar gheall ar phróiseas dlí níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis a bhaineann leis na soláthraithe seirbhíse atá ceadaithe le haghaidh cistiú deontais. Tháinig gannchaiteachas ar bhunchistiú chun cinn mar gheall ar luathráta glactha níos ísle, athrú ar chomhdhéanamh na soláthraithe seirbhíse i rith na bliana, agus moill ar thabhairt isteach na nOrduithe Rialaithe Fostaíochta go dtí Deireadh Fómhair 2025. Tharla an gannchaiteachas i dTús Cothrom mar thoradh ar an bhforbairt níos moille ná mar a bhíothas ag súil léi ar an gComhordaitheoir Comhpháirtíochta Pobail agus mar thoradh ar leathadh amach céimneach Bia Blasta.

**B.10 Tacaíochtaí teagmhasacha maidir le Luathfhoghlaim agus Cúram/Cúram Leanaí in Aois Scoile**

*Soláthar sna meastacháin €10.628 milliún; olltoradh €11.53 milliún*

Tharla an róchaiteachas de €902,000 mar gheall ar ghlacadh níos airde ná glacadh réamh-mheasta scéimeanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí ag tairbhithe ón Úcráin maidir le mionaoisigh cosanta sealadaí agus cosanta idirnáisiúnta.

## Clár C Beartas agus reachtaíocht

| | | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Oiltoradh | Oiltoradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19,530 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,752) | | | |
| | | | | 17,778 | 17,382 | 13,204 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,448 | | | |
| | | *Forlíontach* | (801) | | | |
| | | | | 3,647 | 2,971 | 2,003 |
| C.3 | Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 330 | | | |
| | | *Forlíontach* | 813 | | | |
| | | | | 1,143 | 1,256 | 52 |
| C.4 | Taighde, sonraí agus anailísíocht | | | 2,150 | 2,058 | 1,893 |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,339 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,981) | | | |
| | | | | 12,358 | 11,978 | 10,452 |
| C.6 | Údarás Uchtála na hÉireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,747 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,500) | | | |
| | | | | 7,247 | 6,996 | 7,332 |
| C.7 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | | | 5,026 | 5,026 | 4,032 |
| C.8 | Freagra ar oidhreacht na bhforas máithreacha agus naíonán | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 21,495 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,752) | | | |
| | | | | 14,743 | 10,213 | 4,415 |
| C.9 | Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 103,419 | | | |
| | | *Forlíontach* | (68,529) | | | |
| | | | | 34,890 | 32,373 | 63,119 |
| C.10 | Ciste Mhaigdiléana | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 300 | | | |
| | | *Forlíontach* | (250) | | | |
| | | | | 50 | 36 | 183 |
| | | | | **99,032** | **90,289** | **106,685** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Sna nótaí seo a leanas, tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

**C.3 Táillí ilghnéitheacha dlí agus socraíochtaí**

*Soláthar meastacháin €330,000; olltoradh €1.256 milliún*

Tharla an róchaiteachas de €926,000 mar gheall ar chostais follasaithe dhlíthiúil a tabhaíodh i réimse an chúraim speisialta. Fuair an Roinn seirbhís ríomhfhollasaithe ar conradh chun cabhrú le follasú fairsing leathan a bhain leis an dlíthíocht sin.

**C.5 Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile**

*Soláthar sna meastacháin €14.339 milliún; olltoradh €11.978 milliún*

Tharla an gannchaiteachas €2.361 milliún den chuid is mó mar gheall ar mhoilleanna earcaíochta do 30 post mar Chomhairleoir Tacaíochta Tuismitheoireachta arna gcistiú trí Tusla. Rinneadh coigilteas maidir le dhá thionscadal taighde a sheachadadh faoi phlean oibre bunaithe agus trí chlár Sintéise Eolais na Roinne, agus mar gheall ar chostais laghdaithe chun Seanad na nÓg a óstáil.

**C.6 Údarás Uchtála na hÉireann**

*Soláthar sna meastacháin €8.747 milliún; olltoradh €6.996 milliún*

Tharla an gannchaiteachas de €1.751 milliún den chuid is mó mar gheall ar chostais foirne níos ísle in Údarás Uchtála na hÉireann. D’eascair sé sin as folúntais i bpoist shinsearacha ar feadh cuid den bhliain, mar aon le roinnt saoire foirne ar bhonn neamhíoctha. Bhí costais dlí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo sa bhliain freisin.

**C.8 Freagra ar oidhreacht na bhforas máithreacha agus naíonán**

*Soláthar sna meastacháin €21.495 milliún; olltoradh €10.213 milliún*

Bhain an gannchaiteachas dar luach €11.282 milliún den chuid is mó le tionscadal forbartha an Ionaid Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin agus le hOifig an Stiúrthóra um Idirghabháil Údaraithe, Tuaim. I gcás an Ionaid Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin, mhéadaigh coinníoll pleanála seandálaíochta an tréimhse ama a bhí ag teastáil le haghaidh oibreacha ullmhúcháin agus cumasaithe láithreáin, a bheidh le cur i gcrích sula rachfar ar aghaidh chuig tairiscint don phríomhchonraitheoir tionscadail. D’eascair tearc-chaiteachas Oifig an Stiúrthóra um Idirghabháil Údaraithe, Tuaim as an tochailt agus as na hoibreacha tógála ag an láithreán a thosaigh níos déanaí in 2025 ná mar a bhí beartaithe ar dtús, chomh maith le moilleanna ar fhorbairt na saotharlainne agus na marbhlainne.

**C.9 Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán**

*Soláthar sna meastacháin €103.419 milliún; olltoradh €32.373 milliún*

Bhí an gannchaiteachas dar luach €71.046 milliún ann, den chuid is mó, mar gheall ar an leibhéal iarratas, a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Tá an scéim faoi stiúir an éilimh agus, dá bhrí sin, tá sé deacair caiteachas a thuar in aon bhliain ar leith. Bhí gannchaiteachas ann freisin mar gheall ar uainiú athbhreithnithe an staidéir fhadaimseartha ar lucht fágála cúraim faoin gClár um Eispéiris Chúraim, toisc go ndearnadh obair ullmhúcháin mhionsonraithe le linn na bliana.

**C.10 Ciste Mhaigdiléana**

*Soláthar meastacháin €300,000; olltoradh €36,000*

Bhí an gannchaiteachas de €264,000 ann mar gheall ar an scéim íocaíochta a bheith faoi stiúir an éilimh ó thaobh chineál na scéime de agus, dá bhrí sin, deacair a thuar in aon bhliain ar leith.

## Clár D Sochaí chomhionann agus chuimsitheach

| | | | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Olltoradh | | Olltoradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,605 | | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,050) | | | | |
| | | | | 11,555 | 11,299 | | 8,611 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,890 | | | | |
| | | *Forlíontach* | (519) | | | | |
| | | | | 2,371 | 1,931 | | 1,306 |
| D.3 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | | | 7,501 | 7,333 | | 6,607 |
| — | *Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach* | | | — | — | | *7,807* |
| D.5 | Deontais d’eagraíochtaí náisiúnta na mban | | | 720 | 720 | | 678 |
| D.6 | Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach | | | 6,500 | 6,025 | | 5,866 |
| D.7 | Gníomhaíocht dhearfach maidir le comhionannas inscne | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,000 | | | | |
| | | *Forlíontach* | (500) | | | | |
| | | | | 5,500 | 4,723 | | 2,911 |
| D.8 | Tionscnaimh chomhionannais agus LADTI | | | 1,850 | 1,813 | | 1,139 |
| D.9 | Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | | | 10,438 | 10,438 | | 9,075 |
| D.10 | Comhionannas míchumais | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,100 | | | | |
| | | *Forlíontach* | (682) | | | | |
| | | | | 6,418 | 4,437 | | 4,080 |
| D.11 | Sainseirbhísí míchumais | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,221,369 | | | | |
| | | *Forlíontach* | 267,000 | | | | |
| | | | | 3,488,369 | 3,488,209 | | 3,050,118 |
| D.12 | Sainseirbhísí míchumais Covid-19 | | | 18,028 | 18,028 | | 18,028 |
| D.13 | Coimisiún Imscrúdúcháin Farrelly | | | 2,000 | 2,555 | | 589 |
| D.14 | Cláir mhíchumais agus comhlachtaí rialála | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,555 | | | | |
| | | *Forlíontach* | (689) | | | | |
| | | | | 6,866 | 6,096 | | 3,260 |
| D.15 | Íocaíochtaí i leith Tailidimíde | | | 370 | 341 | | 359 |
| | | | | **3,568,486** | **3,563,948** | | **3,120,434** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Sna nótaí seo a leanas, tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

**D.6 Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach**

*Soláthar sna meastacháin €6.5 milliún; olltoradh €6.025 milliún*

Tharla an gannchaiteachas de €475,000 den chuid is mó mar gheall ar mhoilleanna maidir le tionscadail nua a sheachadadh faoi Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh II 2024-2028, a bhfuiltear ag súil leis a rachaidh chun cinn in 2026. Bhain tuilleadh gannchaiteachais le deacrachtaí earcaíochta i roinnt tionscadal, agus táthar ag súil go líonfar poist in 2026.

**D.7 Gníomhaíocht dhearfach maidir le comhionannas inscne**

*Soláthar sna meastacháin €6 milliún; olltoradh €4.723 milliún*

Tharla an gannchaiteachas de €1.277 milliún mar gheall ar ghannchaiteachas i dtionscadal na Tairsí don Bhearna Phá idir na hInscní a d'eascair as coigilteas costais agus uainiú.

**D.10 Comhionannas míchumais**

*Soláthar sna meastacháin €7.1 milliún; olltoradh €4.437 milliún*

Bhain an gannchaiteachas de €2.663 milliún den chuid is mó le gannchaiteachas an Chiste Nuálaíochta Uathachais mar gheall ar shrianta acmhainne laistigh den Roinn. Tá na hullmhúcháin riachtanacha á ndéanamh ag an Roinn chun an Ciste sin a bhainistiú go hinmheánach in 2026. Chuir foilsiú na Straitéise Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030, foilsiú a tharla níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis, leis an ngannchaiteachas freisin.

**D.11 Sainseirbhísí míchumais**

*Soláthar meastacháin €3.22 billiún; olltoradh €3.49 billiún*

Tharla an róchaiteachas de €267 milliún mar gheall ar riachtanais chistithe mhéadaithe FSS, mar thoradh ar éilimh sheirbhíse agus costais mhéadaithe. Ba iad príomhspreagthaí an róchaiteachais ná socrúcháin chónaithe, costais ghníomhaireachta agus inbhuanaitheacht sholáthraithe seirbhíse deonacha Alt 38 agus Alt 39.

**D.13 Coimisiún Imscrúdúcháin Farrelly**

*Soláthar sna meastacháin €2 milliún; olltoradh €2.555 milliún*

D'eascair an róchaiteachas de €555,000 as uainiú an chaiteachais. Íocadh aisíocaíochtaí dliteanas tríúpáirtí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag deireadh 2025, seachas ag tús 2026 mar a bhíothas ag súil leis ar dtús. Níl aon chaiteachas breise a bhaineann leis sin dlite in 2026.

**D.14 Cláir mhíchumais agus comhlachtaí rialála**

*Soláthar sna meastacháin €7.555 milliún; olltoradh €6.096 milliún*

Bhain an gannchaiteachas de €1.459 milliún go príomha le cineál an éilimh i dtaca le tacaíochtaí Tailidimíde, ceann de na príomhthionscadail ina leith sin ab ea oiriúnuithe tithíochta do 16 dhuine aonair. Cuireadh tús leis an obair sin in 2025, áfach, bhí glacadh an chláir sin mall, agus táthar ag súil le tuilleadh caiteachais in 2026. Bhí róchaiteachas fritháirimh laistigh den fho-cheannteideal sin a bhain le haisíocaíocht costas ordaithe cúirte, arna chaibidliú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát thar ceann Oifig an Oifigigh Achomhairc um Míchumas.

## Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 9,000 | 8,887 | 10,600 |
| 2 | Scéim aoisliúntais – foireann neamhtheagaisc scoileanna coinneála leanaí | 650 | 748 | 689 |
| 3 | Fáltais na gCuntas Díomhaoin | 5,485 | 5,275 | 7,013 |
| — | *Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas* | — | — | *196* |
| — | *Fáltais an AE* | — | — | *1,530* |
| 6 | Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais | 10,513 | 12,727 | 10,236 |
| 7 | Ilghnéitheach | 346 | 129 | 599 |
| | | **25,994** | **27,766** | **30,863** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Sna nótaí seo a leanas, tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha i leithreasaí i gcabhair (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

**6 Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais**

*Soláthar sna meastacháin €10.513 milliún; réadaithe €12.727 milliún*

Bhí an méadú de €2.214 milliún á thiomáint ag ranníocaíochtaí méadaithe ó fhoireann na gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus gníomhaireachtaí gaolmhara.

**7 Ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €346,000; réadaithe €129,000*

Baineann an t-easnamh de €217,000 le cineál na bhfáltas ilghnéitheach, rud atá de réir a gcineáil deacair a mheas.

## 4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasaí i gcabhair agus suimeanna airgid thirim a fhaightear sa bhliain. Léiríonn Ioncam an Vóta an t-ioncam a bhaineann leis an ngníomhaíocht sa bhliain, de réir an phrionsabail fabhraithe.

| | 2025 |
|---|---|
| | €000 |
| **Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte** | |
| Deontas Príomh-Chiste | 6,269,594 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise | 12,727 |
| Scéimeanna aoisliúntais comhlachtaí aegis | 9,635 |
| Fáltais ó chuntas díomhaoin | 5,275 |
| | |
| **Ioncam eile** | |
| Ioncam ilghnéitheach | 129 |
| **Ioncam iomlán** | **6,297,360** |
| | |
| **Arna léiriú ag** | |
| Deontas Príomh-Chiste | 6,269,594 |
| Leithreasaí i gcabhair iomlána | 27,766 |
| | **6,297,360** |

## 4.3 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 1,446 | 352 |
| Coigeartú ar an iarmhéid tosaigh | 12 | (1) |
| Aisíocaíochtaí maoinithe deontais: Pobal | 2,616 | 5,990 |
| Aisíocaíochtaí maoinithe deontais: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 1,075 | — |
| Eile | 517 | 1,019 |
| Aisíocaíochtaí maoinithe deontais: Boird Oideachais agus Oiliúna | — | 1,258 |
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | — | 4 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (5,488) | (7,176) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **178** | **1,446** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| Amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Roinn | 619 | 982 |
| Gníomhaireachtaí na Roinne | 5,817 | 5,515 |
| | **6,436** | **6,497** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 38,463 | 50,582 |
| Liúntais ard-dualgas nó dualgas speisialta nó breise | 126 | 161 |
| Liúntais eile | 97 | 139 |
| Ragobair | 79 | 414 |
| PRSI an fhostóra | 3,892 | 5,043 |
| | **42,657** | **56,339** |

Nóta [a] Dáiltear an figiúr pá iomlán ar fud fho-cheannteidil A.1, B.1, C.1 agus D.1

**Luach saothair fhoireann na gníomhaireachta**

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá [a] | 369,885 | 339,065 |
| Liúntais ard-dualgas nó dualgas speisialta nó breise | 2,990 | 2,950 |
| Liúntais eile | 1,155 | 1,091 |
| Ragobair | 4,142 | 3,991 |
| PRSI an fhostóra | 39,433 | 35,820 |
| | **417,605** | **382,917** |

Nóta [a] Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá gníomhaireachtaí. Tá tuilleadh eolais maidir le líon na bhfostaithe agus pá i leith ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

Is iad na gníomhaireachtaí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Údarás Uchtála na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), Oifig an Ombudsman do Leanaí agus Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2025 | 2024 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais ard-dualgas nó dualgas speisialta nó breise | 18 | 7 | 20,582 | 32,176 |
| Liúntais eile | 4 | 2 | 60,224 | 49,473 |
| Ragobair | 53 | — | 9,584 | 26,572 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | — | 4,626 | 19,176 |
| **Foireann Gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais ard-dualgas nó dualgas speisialta nó breise | 592 | 71 | 30,561 | 28,854 |
| Liúntais eile | 393 | 4 | 11,276 | 9,492 |
| Ragobair | 993 | 117 | 73,686 | 67,906 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 606 | 91 | 89,640 | 34,448 |

## 5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a dtagann a sochair fostaí iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 suas mar seo a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2025 | 2024 |
| 20,000 | 59,999 | 367 | 617 |
| 60,000 | 69,999 | 62 | 64 |
| 70,000 | 79,999 | 43 | 64 |
| 80,000 | 89,999 | 59 | 58 |
| 90,000 | 99,999 | 29 | 25 |
| 100,000 | 109,999 | 26 | 39 |
| 110,000 | 119,999 | 18 | 21 |
| 120,000 | 129,999 | 7 | 11 |
| 130,000 | 139,999 | 7 | 5 |
| 140,000 | 149,999 | 2 | — |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 2 |
| 170,000 | 179,999 | — | 4 |
| 180,000 | 189,999 | 6 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | — | 1 |
| 240,000 | 249,999 | 1 | — |

### 5.5 Socruithe luach saothair eile

Athfhostaíodh dháréag státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar chostas iomlán €43,831. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir leis na prionsabail den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Cuimsítear sa chuntas seo caiteachas €106,027 (lena n-áirítear tuarastal, aoisliúntas an fhostaí agus ÁSPC an fhostóra) maidir le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2025 ar fad, nó cuid de, agus ar íoc an Roinn a t(h)uarastal. Tá an t-iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2025 san áireamh san fhigiúr le haghaidh tuarastail in-aisíoctha laistigh de nóta 2.5, iarmhéideanna dochair eile.

### 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2025 €** | **2024 €** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 120 | 184,302 | 95,506 |
| Pleananna téarnaimh i bhfeidhm | 11 | 12,096 | 13,906 |

Aistríodh fiche plean aisghabhála ró-íocaíochta i leith fiche duine ar luach €26,004 chuig sé roinn rialtais in 2025.

Nóta [a] In 2025, aisíocadh 63 ró-íocaíocht ina n-iomláine. Déanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte na pleananna aisghabhála le haghaidh ró-íocaíochtaí a chur chun feidhme agus a bhainistiú.

### 5.7 Téarbhadh/iomarcaíocht

Le linn 2025, íocadh cúigear ball foirne, ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht, íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach iomlán €29,200 agus íocaíochtaí téarfa dar luach iomlán €78,175.

| **Grád** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Íocaíocht €** | **Blianta breise de mheas-seirbhís** | **Íocaíocht luath pinsin gan aon laghdú achtúireach (blianta)** |
|---|---|---|---|---|
| Comhairleoir Speisialta (Príomhoifigeach) | 2 | 76,004 | — | — |
| Tiománaí Sibhialtach | 3 | 31,371 | — | — |
| **Iomlán** | | **107,375** | **—** | — |

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunphá | **245** | **238** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim aoisliúntais roimh-1995 do státseirbhísigh sheanbhunaithe, agus ní théann a theidlíochtaí ar shochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Íocaíochtaí le Pobal

De réir bheartas cuntasaíochta na Roinne, gearradh na glanchistí de €1.312 billiún a soláthraíodh do Phobal sa bhliain ar na fo-cheannteidil ábhartha mar atá leagtha amach thíos.

Le linn 2025, thug Pobal cistí dar luach €3.885 milliún ar ais don Roinn, agus bhain €2.616 milliún díobh sin le blianta roimhe sin, agus tá siad mar chuid d'fháltais Státchiste (nóta 4.3). Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí €172,000 de sin i seilbh na Roinne, le tabhairt ar ais don Státchiste in 2026.

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Fo-cheannteideal** | | | |
| B.3 | Cláir réamhscoile maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-óige agus maidir leis an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú | 340,146 | 323,542 |
| B.4 | An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir cúraim leanaí eile | 524,739 | 418,627 |
| B.5 | Cláir cúraim leanaí: tacaíochtaí seachadta agus tionscnaimh eile | 434,130 | 381,779 |
| B.7 | Éire Ildánach | 15 | — |
| B.8 | Bearta maidir le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (Cuntais Dhíomhaoine arna gcistiú) | 332 | 308 |
| B.10 | Tacaíochtaí teagmhasacha maidir le Luathfhoghlaim agus Cúram/ Cúraim Leanaí in Aois Scoile | 11,390 | — |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 990 | 2,581 |
| C.8 | Freagra ar oidhreacht na bhforas máithreacha agus naíonán | 439 | 376 |
| — | *Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)* | — | *15,726* |
| — | *Cóiríocht d'Úcránaigh agus costais ghaolmhara* | — | *14,092* |
| | **Iomlán íoctha le Pobal** | **1,312,181** | **1,157,031** |

Nóta [a] Riarann Pobal líon mór clár deontais thar ceann na Roinne. Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí gealltanais deontais de €15.82 milliún san iomlán ag Pobal a bhain le cláir a riartar thar ceann na Roinne.

## 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais íoctha ag an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh ag | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **Baill den phobal** | **2025** | **2024** |
| Líon na gcásanna | 20 | 134 | 154 | 108 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 51 | 51 | 135 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/ar son na Roinne | | | | |
| Cúiteamh | 564 | 728 | 1,292 | 1,428 |
| Costais dlí | 77 | 2,134 | 2,211 | 528 |
| Costais eile | 24 | 2,198 | 2,222 | 174 |
| **Iomlán 2025** | **665** | **5,111** | **5,776** | **2,265** |
| Iomlán 2024 | 359 | 1,906 | 2,265 | |

Nóta [a] Amhail an 31 Nollaig 2025, chuir an Roinn san áireamh i speansais fhabhraithe, €718,030 (2024: €265,653) is iad sin na costais dlí iomlána gan íoc atá dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

**Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2025**

| | Éilimh ag | | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **Baill den phobal** | |
| Líon na gcásanna | 1 | 27 | 28 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — | — |
| Íocaíochtaí ón Roinn/ar son na Roinne | | | |
| Cúiteamh | 55 | 22 | 77 |
| Costais dlí | — | 1,076 | 1,076 |
| Costais eile | — | 5 | 5 |
| **Iomlán** | **55** | **1,103** | **1,158** |

## 6.3 Calaois amhrasta

Fuair an Roinn tuairisc go bhféadfadh gur tharla calaois líomhnaithe i soláthraí seirbhíse a bhí ag fáil maoiniú liúntais le linn 2025. Tá na húdaráis iomchuí ag fiosrú an cháis, agus tá an Roinn ag súil leis an toradh.

## 6.4 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

I mí an Mhárta 2017, bunaíodh coimisiún imscrúdúcháin ar nithe áirithe a bhain le seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus ar nithe gaolmhara. Tugtar cuntas ar chaiteachas an Choimisiúin i bhfo-cheannteideal D.13 de Choimisiún Imscrúdúcháin Farrelly.

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh 2025 | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Coimisiún Imscrúdúcháin Farrelly | 2017 | 10,708 [a] | 2,555 | 589 |

Nóta [a] Áirítear sa chaiteachas carnach go dtí deireadh 2025 €6.789 milliún de chaiteachas a tabhaíodh sa Roinn Sláinte, sular aistríodh feidhm na sainseirbhísí pobalbhunaithe do dhaoine faoi mhíchumas chuig an Roinn in 2023.

Beidh costais tacaíochta áirithe a bhaineann leis an gcoimisiún taifeadta i gcostais riaracháin na Roinne

## 6.5 Maoiniú AE

Áirítear san olltoradh faoi fho-cheannteidil B.5, Cláir Chúraim Leanaí: Tacaíochtaí Seachadta agus Tionscnaimh Eile, agus C.5, Creat Beartais do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus Cláir Eile, íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá incháilithe do chómhaoiniú faoin gclár Fostaíochta, Cuimsithe, Scileanna agus Oiliúna 2021-2027 de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa Plus

Beidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, mar an tÚdarás Bainistíochta do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, freagrach as aon éilimh a bhainistiú. Faoin chlár Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, seolfar aon eisíocaíocht cistí chuig an Roinn bhunaidh mar leithreasaí i gcabhair.

## 6.6 Pionós Chúirt Bhreithiúnais an AE

Faoi Rialachán (AE) 2019/1158, a bhain leis an gcothromaíocht oibre agus saol do thuismitheoirí agus do chúramóirí, cuireadh ceangaltas ar Bhallstáit lánéifeacht dlíthiúil a thabhairt dá fhorálacha faoi Lúnasa 2022. Trasuíodh an Rialachán go príomha san Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023, a achtaíodh ar an 4 Aibreán 2023. Tugadh isteach raon ceart fostaíochta leis an Acht, lena n-áirítear an ceart atá ag tuismitheoirí agus ag cúramóirí chun socruithe oibre solúbtha a iarraidh, agus ceart eile atá ag gach fostaí chun cianobair a iarraidh. Sularbh fhéidir tús a chur leis na forálacha sin, áfach, b’éigean don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre cód cleachtais reachtúil a ullmhú chun treoir a thabhairt d’fhostóirí agus d’fhostaithe faoi fheidhmiú na gceart sin. Críochnaíodh agus cuireadh an Cód Cleachtais ar fáil do na Ranna ábhartha in Eanáir 2024. I ndiaidh dó a bheith críochnaithe, thosaigh forálacha an Achta a bhí fós le réiteach ar an 6 Márta 2024. Dá bharr sin, trasuíodh an Rialachán ina iomláine ar an dáta sin.

Ós rud é nach raibh gnéithe uile an Rialacháin trasuite ag Éirinn faoi Lúnasa 2022, thionscain an Coimisiún Eorpach imeachtaí um shárú i Meán Fómhair 2022. Cuireadh tús le himeachtaí faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an 31 Eanáir 2024, agus thug an Chúirt a bhreithiúnas ar an 1 Lúnasa 2025. Rialaigh an Chúirt in aghaidh na

hÉireann, agus leag sí pionós airgeadais cnapshuim dar luach €1.54 milliún uirthi, arbh ionann é agus an pionós íosta a bhí ar fáil ag an gCúirt in imthosca an cháis. Íocadh sa bhliain chéanna é, agus muirearaíodh faoi fho-cheannteideal D.7 de Vóta 40 é.

Tá na himeachtaí a bhain leis an sárú críochnaithe anois, agus níl aon neamhchosaint bhreise ar phionóis ag baint leis an ábhar.

## 6.7 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh | 15 | 309 |

## 6.8 Géilleadh Iarchurtha

| Fo-Cheannteidil | Gan chaitheamh | Iarchurtha |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| B.5: Cláir Cúraim Leanaí: Tacaíochtaí Seachadta agus Tionscnaimh Eile | 8,999 | 7,690 |

Déantar foráil san Acht Airgeadais, 2004, do ghannchaiteachas caipitil a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn, faoi réir uasteorainn 10% de leithdháileadh caipitil vótáilte na bliana cuntasaíochta.

Cé gurbh é €99.5 milliún an leithdháileadh caipitil Imleabhar Breise na Meastachán Athbhreithnithe bunaidh 2025 don Roinn, d’aistrigh an Roinn beagnach €22.6 milliún chuig caiteachas reatha nuair a d’aontaigh sí an Meastachán Forlíontach €213.7 milliún. Ba é €76.9 milliún an uasteorainn caipitil nua vótáilte do 2025, dá bhrí sin, agus tabhairt anonn €7.69 milliún de ghannchaiteachas Caipitil do 2026 curtha san áireamh.